Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2018**
**(OR. en)**

**11225/18**

**DAPIX 236**
**CRIMORG 101**
**ENFOPOL 386**
**ENFOCUSTOM 158**
**JAI 780**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Iúil 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10546/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar an gCróit maidir le sonraí dachtalascópacha a mhalartú go huathoibríoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle, ag an 3603ú cruinniú dá cuid, ar an 16 Iúil 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
**maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle**

**Meastóireacht a dhéanamh ar an gCróit maidir le sonraí dachtalascópacha a mhalartú go huathoibríoch**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil faoi cé acu ar comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear sa Chinneadh de bhun "Conradh Prüm" (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór an fíorú go bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta a dhéanamh ar bhonn tuarascáil mheastóireachta bunaithe ar cheistneoir. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór don tuarascáil mheastóireachta a bheith bunaithe, freisin, ar chuairt mheastóireachta agus ar thriail phíolótach.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór don Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a mheasann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí dachtalascópacha comhlánaithe ag an gCróit. Chuir an Chróit treoirthionscadal rathúil i gcrích in éineacht leis an Liotuáin agus leis an tSlóvaic. Tugadh cuairt mheastóireachta ar an gCróit agus rinne foireann meastóireachta na Liotuáine agus foireann meastóireachta na Slóvaice tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta agus chuir siad ar aghaidh chuig Meitheal ábhartha na Comhairle í (9087/18 DAPIX 142 CRIMORG 69 ENFOPOL 248 ENFOCUSTOM 111 JAI 503).

5. Tíolacadh tuarascáil meastóireachta foriomláine don Chomhairle ina dtugtar achoimre ar thorthaí an cheistneora, na cuairte meastóireachta agus na trialach píolótaí maidir le malartú sonraí dachtalascópacha (9089/1/18 REV 440 DAPIX 143 CRIMORG 70 ENFOPOL 249 ENFOCUSTOM 103 JAI 305).

6. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an 25 Meitheamh 2018, aithníodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an gCróit.

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an gCróit.